C/2025/4088

18.7.2025

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## an 14 Iúil 2025

## lena gceaptar cathaoirleach ar Bhord Achomhairc Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

(C/2025/4088)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 166(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas,

An 5 Meitheamh 2025, chuir Bord Bainistíochta Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) liosta iarrthóirí don phost mar chathaoirleach ar Bhord Achomhairc EUIPO faoi bhráid na Comhairle,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leis seo, ceaptar Cinzia NEGRO ina cathaoirleach ar Bhord Achomhairc EUIPO ar feadh téarma 5 bliana.

2. Is é Bord Bainistíochta EUIPO a shocróidh an dáta a chuirfear tús leis an téarma 5 bliana dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Iúil 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. JENSEN

---

([1]) IO L 154, 16.6.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1001/oj.